# Cuntas Leithreasa 2025

## Vóta 36

## Cosaint

## Réamhrá

Mar an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa maidir leis an Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, tá an cuntas atá i gceangal ullmhaithe agam ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin; ar phá agus ar chostais Óglaigh na hÉireann; agus ar íocaíocht deontas áirithe.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a thug Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas €3.588 milliún ann atá le géilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas.

## Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 25 de 2025, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt de Chaighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm do thréimhsí cuntais ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Roinn maoluithe i leith CGAS 17: Maoin, Gléasra agus Trealamh.

Níor aithníodh míreanna áirithe maoine, gléasra agus trealaimh mar a cheanglaítear faoi CGAS 17:14, mar a leagtar amach thíos. I gcásanna ina ndéantar eisceachtaí maidir le ceanglais eile CGAS 17 mar thoradh air sin, cuirtear iad sin in iúl freisin.

Cé is moite de thionscadail tógála a críochnaíodh in 2025 i gcás ina mbaineann an caiteachas le struchtúir nuathógtha, níor tugadh aitheantas do shócmhainní maoine a chuimsíonn tailte agus foirgnimh sna ráitis airgeadais. Liostaítear na sócmhainní maoine sin in aguisín A den chuntas leithreasa.

Cé is moite de na tionscadail nuathógtha dá dtagraítear thuas, ní thugtar aitheantas do chaiteachas ar bhreiseanna ar fhoirgnimh sa chás go bhfuil an obair críochnaithe agus an foirgneamh ar fáil lena úsáid. Déantar an caiteachas sin, a taifeadadh ar dtús i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt, a dhí-aithint tráth a chríochnaítear é cé go bhfuil súil ag an Roinn go bhfaighidh sí poitéinseal seirbhíse as amach anseo agus nár tharla aon diúscairt (féach CGAS 17:82 agus nóta 2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt).

Déantar páirteanna breise suntasacha a chomhlíonann na ceanglais maidir le haitheantas mar mhaoin, gléasra agus trealamh a thaifeadadh i bhfardal go dtí go gcuirtear in úsáid iad. I gcás ina bhfuil saolréanna ionchais éagsúla ag na comhpháirteanna sin i gcomparáid leis an mbunsócmhainn, ní dhéantar iad a dhímheas (mar a éilítear faoi CGAS 17:59) agus ní dhéantar iad a dhí-aithint (mar a éilítear faoi CGAS 17:82) nuair a dhéantar iad a athsholáthar.

Leanann an Roinn de bheith ag taifeadadh breiseanna le sócmhainní caipitil i gcás inar lú an costas faoi leith ná €10,000, méid nach gcomhlíonann na ceanglais aitheanta.

***Tomhas fardail***

Sanntar costas fardal míleata le modh an mheánchostais ualaithe. Sanntar costais fardail na Cosanta Sibhialta leis an modh is túisce isteach, is túisce amach (FIFO).

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas saolréanna ionchais agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na bpríomhaicmí maoine, gléasra agus trealaimh.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 25 - 50 bliain | 2% - 4% |
| Trealamh míleata | 5-30 bliain | 3% - 20% |
| Trealamh Cosanta Sibhialta | 5-10 bliain | 10% - 20% |
| Troscán oifige agus Trealamh TF | 3 - 10 mbliana | 10% - 33% |
| Ceadúnais bogearraí | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 5-10 bliain | 10% - 20% |

## Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar an tOifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas rialaithe airgeadais inmheánach éifeachtach a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar an tArd-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta a thabhairt, seachas dearbhú iomlán, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí a leithéid a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach í cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá na freagrachtaí atá orm comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le leibhéal comhfhreagrach cuntasachta.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal mar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Tá gnáthaimh fhoirmeálta curtha ar bun maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, le Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.
- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú don lucht bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Tá córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail i bhfeidhm.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn atá comhdhéanta de bhaill foirne atá oilte go cuí. Feidhmíonn sí de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam. Feidhmíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go neamhspleách agus bunaítear a chuid oibre ar anailís ar neamhchosaint na Roinne ar rioscaí airgeadais agus bunaítear a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, ar an anailís sin. Is é is aidhm do na pleananna sin go gcumhdófar príomhrialuithe ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmeannas iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de réir thuairiscí an fheidhmeannais iniúchta inmheánaigh.

***Cúrsaí Soláthair***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á bhronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. €456 milliún a bhí sa chaiteachas ar earraí, seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí conarthacha eile in 2025.

Tá mionsonraí faoi 67 gconradh soláthair neamhiomaíoch curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

*Neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás cúig chonradh os cionn €25,000 (gan CBL), arb ionann iad agus €182,947 san iomlán (gan CBL). I ngach cás, bronnadh na conarthaí gan an formheas a theastaíonn ón Athbhreithneoir Neamhspleách faoi chiorclán 40/2002.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar gach ceann de na cúig sholáthar seo, agus tá céimeanna á dtabhairt chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha soláthair ábhartha a luaithe is féidir. Tá na conarthaí sin curtha san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creatlach riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar chlár riosca na Roinne gach ráithe. Cuireann torthaí na measúnuithe sin bonn faisnéise faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní d'fhonn a chinntiú go ndéantar na rioscaí a mhaolú go leibhéal inghlactha. Aon rioscaí inar mhéadaigh an scór riosca go suntasach sna míonna idir eatarthu, cuirtear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith.

Tá próiseas bainistíochta riosca straitéisigh i bhfeidhm idir an Roinn agus Óglaigh na hÉireann freisin. Tá an próiseas sin ag teacht leis na prionsabail chéanna agus atá an próiseas riosca roinne. Déantar rioscaí a dhoiciméadú sa chlár riosca straitéisigh, a ndéantar athbhreithniú air trí huaire sa bhliain. Déanann an Grúpa Oibre um Riosca Straitéiseach comhordú ar an athbhreithniú sin, ansin déanann an Coiste um Riosca Straitéiseach agus na boird bhainistíochta lena mbaineann athbhreithniú ar shaothar an ghrúpa oibre, agus ceadaíonn an Coiste um Bainistíocht Straitéiseach ar deireadh é.

Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Iniúchóireachta freisin i ndáil le héifeachtacht an chreata agus na bpróiseas bainistíochta riosca.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl dóibh siúd a bhfuil de fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí, in am is i dtráth. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha, agus gur cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Cuireann an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais, bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna maidir leis an rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i leith na bliana 2025 a gceanglaítear iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Cosaint

31 Márta 2026

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

## Vóta 36 Cosaint
## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaint don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Roinn Cosaint agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Dul i léig feithiclí armúrtha oirbheartaíochta éadroma***

Léirítear i Nóta 2.1 a ghabhann leis an gCuntas bearnú €2.8 milliún i dtaca le trealaimh mhíleata. Tá breis sonraí faoin gceist seo curtha ar fail i gCaibidil 23 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meán Fómhair 2026

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2025

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A Beartas agus tacaíocht chosanta, cumais mhíleata agus aschuir oibríochtúla | | | | |
| *Figiúr bunaidh* | 1,020,369 | | | |
| *Figiúr forlíontach* | 19,000 | | | |
| | | 1,039,369 | 1,038,669 | 931,907 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,039,369** | **1,038,669** | **931,907** |
| *Asbain* | | | | |
| B **Leithreasaí i gcabhair** | | **25,315** | **28,203** | **32,701** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Figiúr bunaidh* | 995,054 | | | |
| *Figiúr forlíontach* | 19,000 | | | |
| | | **1,014,054** | **1,010,466** | **899,206** |

**Barrachas**

Tá an barrachas, i.e. an tsuim a soláthraíodh os cionn na glansuime, le géilleadh don Státchiste.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **3,588,025** | **8,967,069** |

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Cosaint

31 Márta 2026

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas clár | | 994,739 | 893,682 |
| Riarachán – pá | | 31,735 | 27,952 |
| Riarachán - neamhphá | | 12,195 | 10,273 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,038,669** | **931,907** |
| *Asbain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **28,203** | **32,701** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,010,466** | **899,206** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (151,162) | | |
| Dímheas | 73,792 | | |
| Airgead ó dhiúscairtí | 60 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 4,056 | | |
| Laige | 2,768 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (1,660) | | |
| Amúchadh | 1,021 | | |
| ***Sócmhainní atá á bhforbairt (nóta 2.3)*** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (52,638) | | |
| | | (123,763) | (89,251) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhardal | (11,080) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (4,577) | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (2,214) | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 6,371 | | |
| Laghdú ar fhorálacha | (3,000) | | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | 11 | | |
| | | (14,489) | 33,077 |
| **Caiteachas vótáilte díreach** | | **872,214** | **843,032** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 18,041 | 17,563 |
| Cíos barúlach | | 1,911 | 1,339 |
| **Glanchostas clár** | | **892,166** | **861,934** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 36 a iompraíodh in áit eile, glan ó chaiteachas a tabhaíodh i leith vótaí eile.

| | | **2025** | **2024** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | (560) | (535) |
| Vóta 2 | Roinn an Taoisigh | (93) | (96) |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 17,453 | 17,081 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,012 | 1,454 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,486 | 870 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 112 | 89 |
| Vóta 35 | Arm-Phinsin | (2,252) | (2,115) |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 704 | 674 |
| Ciste Lárnach – pinsin aireachta | | 179 | 141 |
| | | **18,041** | **17,563** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 877,569 | 744,641 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 3,709 | 3,070 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.3 | 39,922 | 17,749 |
| | | **921,200** | **765,460** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 2.4 | 18,461 | 16,622 |
| Fardail | 2.5 | 261,771 | 250,691 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 143,444 | 182,136 |
| Ioncam fabhraithe | 2.7 | 4,887 | 2,673 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.8 | 1,985 | 1,723 |
| | | **430,548** | **453,845** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Soláthairtí | 2.9 | — | 3,000 |
| Costais fhabhraithe | 2.10 | 47,263 | 36,341 |
| Ioncam iarchurtha | 2.11 | 56 | 45 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.12 | 16,855 | 14,300 |
| Glanchistiú ón Státchiste | 2.13 | 3,591 | 4,045 |
| | | **67,765** | **57,731** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **362,783** | **396,114** |
| **Glansócmhainní** | | **1,283,983** | **1,161,574** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.14 | **1,283,983** | **1,161,574** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a, b]

| | Foirgnimh | Trealamh míleata | Trealamh Cosanta Sibhialta | Troscán oifige agus Trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2025 | — | 1,593,971 | 4,910 | 27,359 | 1,626,240 |
| Breiseanna | — | 194,987 | 638 | 6,702 | 202,327 |
| Sócmhainní a cuireadh in úsáid (nóta 2.3) | 11,277 | — | — | — | 11,277 |
| Diúscairtí | — | (32,966) | (279) | (3,475) | (36,720) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 11,277 | 1,755,992 | 5,269 | 30,586 | 1,803,124 |
| **Dímheas carntha agus lagú** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2025 | — | 854,360 | 3,445 | 23,794 | 881,599 |
| Dímheas don bhliain | 89 | 70,857 | 327 | 2,519 | 73,792 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (29,040) | (229) | (3,335) | (32,604) |
| Laige | — | 2,768 | — | — | 2,768 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 89 | 898,945 | 3,543 | 22,978 | 925,555 |
| **Glansócmhainní** | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **11,188** | **857,047** | **1,726** | **7,608** | **877,569** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | — | 739,611 | 1,465 | 3,565 | 744,641 |

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta sealúchais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag go leor áiteanna ar fud na tíre, ar meascán iad d'áiseanna míleata oibríochtúla, tailte oiliúna, ceathrúna do lucht pósta agus maoin eile, mar atá leagtha amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh. Tá tionscadail tógála a críochnaíodh in 2025, i gcás ina mbaineann an caiteachas le struchtúir nuathógtha, curtha san áireamh i mbreiseanna foirgneamh, mar aon leis an muirear dímheasa gaolmhar.

[b] Áirítear capaill le trealamh míleata, agus aithnítear a luach ón 1 Eanáir 2025.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2025 | 26,887 | 26,887 |
| Breiseanna | 1,660 | 1,660 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 28,547 | 28,547 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2025 | 23,817 | 23,817 |
| Amúchadh don bhliain | 1,021 | 1,021 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 24,838 | 24,838 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **3,709** | **3,709** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 3,070 | 3,070 |

## 2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| | Conarthaí tógála |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna a tugadh anall an 1 Eanáir 2025 | 17,749 |
| Íocaíochtaí le hairgead tirim sa bhliain | 52,638 |
| **Tionscadail críochnaithe** [a] | |
| Aistrithe chuig maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1) | (11,277) |
| Críochnaithe gan a bheith aistrithe | (19,188) |
| Méideanna a tugadh anall an 31 Nollaig 2025 | **39,922** |

Nóta [a] De réir mar a chuirtear tionscadail chun tailte agus foirgnimh a fhorbairt i gcrích, baintear iad de na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Ag tosú ón 1 Eanáir 2025, déantar costais chaipitlithe struchtúir nuathógtha a aistriú chuig maoin, gléasra agus trealamh nuair a chríochnaítear iad agus nuair a chuirtear in úsáid iad. Níl costais oibreacha ar thalamh agus ar fhoirgnimh eile san áireamh i sócmhainní maoine, gléasra agus trealaimh.

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 16,562 | 14,379 |
| Iarmhéideanna cuntais eile [a] | 1,899 | 2,243 |
| | **18,461** | **16,622** |

Nóta [a] Tá 13 chuntas bainc eile ann atá á mbainistiú ag pearsanra Óglaigh na hÉireann chun an córas béilí ócáideacha a riaradh i mbeairicí. Ní eisítear aon mhaoiniú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. B'ionann an méid a bhí ar taisce ag deireadh 2025 agus €35,746 (2024: €26,491). Ní áirítear an t-iarmhéid sin sa mhéid 'banc agus airgead tirim' a léirítear thuas.

## 2.5 Fardail

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fardail mhíleata [a] | 260,546 | 249,612 |
| An Chosaint Shibhialta | 1,225 | 1,079 |
| | **261,771** | **250,691** |

Nóta [a] B'ionann na díscríobhanna agus fardal míleata atá as feidhm sa bhliain agus €4.497m

## 2.6 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ingearáin mhíleata áirgiúlachta éadroime (H145M) | 40,000 | 25,000 |
| Córais in aghaidh aerárthaí gan foireann | 21,759 | — |
| Raidiónna bogearraí-shainithe | 20,153 | 30,425 |
| Eagar sonóra tarraingthe modúlach | 11,957 | — |
| Armúr coirp seirbhíse ginearálta (IMBAS) | 11,434 | 4,920 |
| Feithicil taiscéalaíochta meánmhéide (MRV) | 6,474 | 6,474 |
| Clár um chothabháil agus uasghrádú flít iompróirí armúrtha pearsanra | 4,344 | 4,344 |
| Tionscadal um athsholáthar cultacha ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) | 4,000 | — |
| Cothabháil agus oiliúint aerárthaí | 1,481 | 1,747 |
| Aerárthaí iompair míleata | — | 57,505 |
| Aerárthaí aeraistrithe straitéisigh | — | 30,750 |
| Eile | 21,842 | 20,971 |
| | **143,444** | **182,136** |

## 2.7 Ioncam Fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Maoiniú trúpaí/trealamh dlite ó mhisin thar lear | 4,600 | 2,300 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | 287 | 373 |
| | **4,887** | **2,673** |

## 2.8 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Párolla | 1,068 | 1,035 |
| Óinchistí | 589 | 448 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 127 | 132 |
| Scéim an Phas Taistil | 28 | 30 |
| Fionraí eile | 173 | 78 |
| | **1,985** | **1,723** |

## 2.9 Soláthar

| amhail an 31 Nollaig | 2025 |
|---|---|
| | Iomlán |
| | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 3,000 |
| Soláthar breise déanta | — |
| Méideanna a úsáideadh | (2,553) |
| Suimeanna neamhúsáidte a aisiompaíodh | (447) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** |

## 2.10 Costais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú cláir – reatha | 15,094 | 10,879 |
| Fabhrú cláir – caipiteal | 7,702 | 3,157 |
| Costais riaracháin | 256 | 685 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 24,211 | 21,620 |
| | **47,263** | **36,341** |

## 2.11 Ioncam iarchurtha

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Ioncam cíosa | 56 | 45 |
| | **56** | **45** |

## 2.12 Iarmhéideanna eile sochair

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 27 | 799 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 8 | 885 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 783 | 594 |
| Cáin bhreisluacha | 15,350 | 11,304 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 367 | 165 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 3 | 140 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 99 | 19 |
| Cáin mhaoine áitiúil | — | 4 |
| | 16,637 | 13,910 |
| Asbhaintí párolla i gcuntas fionraí | 7 | 147 |
| Míreanna eile sochair i gcuntas fionraí | 211 | 243 |
| | **16,855** | **14,300** |

## 2.13 Glanchistiú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 3,588 | 8,967 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | 3 | (4,922) |
| **Glanchistiú ón Státchiste** | **3,591** | **4,045** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 18,461 | 16,622 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,985 | 1,723 |
| | 20,446 | 18,345 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (16,637) | (13,910) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (218) | (390) |
| | (16,855) | (14,300) |
| | **3,591** | **4,045** |

## 2.14 Cuntas cistithe stáit

| | Nóta | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 1,161,574 | 1,158,540 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 1,014,054 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (3,588) | | |
| Glanvóta | | | 1,010,466 | 899,206 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 18,041 | 17,563 |
| Aitheantas a thabhairt do Mhaoin, Gléasra agus Trealamh den chéad uair | 2.1 | | 2,950 | — |
| Sócmhainní deonaithe | 2.1 | | 395 | — |
| Sócmhainní caipitil a bhí á bhforbairt agus a críochnaíodh sa bhliain ach nár aistríodh | 2.3 | | (19,188) | (53,140) |
| Caiteachas neamhairgid tirim – cíosanna barúlacha | 1 | | 1,911 | 1,339 |
| Glanchostas clár | 1 | | (892,166) | (861,934) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,283,983** | **1,161,574** |

## 2.15 Ceangaltais

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe de réir dlí** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 6,113 | 7,626 |
| Tionscadail chaipitil | 221,484 | 231,965 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe de réir dlí** | **227,597** | **239,591** |

**b) Mórthionscadail chaipitil inar mó luach an tionscadail ná €20 milliún**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2024 | Caiteachas in 2025 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail, 2025 | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail, 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí pearsanra armúrtha | 93,240 | — | 4,889 | 98,129 | 98,129 |
| Feithiclí iompair trúpaí | 23,399 | 75 | — | 23,474 | 24,600[a] |
| Aerárthaí iompair míleata | 57,505 | 11,820 | 3,329 | 72,654 | 72,654 |
| Árthaí patróil cladaigh | 37,264 | 200 | — | 37,464 | 37,368 |
| Raidiónna bogearraí-shainithe | 34,933 | 13,763 | 27,367 | 76,063 | 76,983 |
| Ingearáin mhíleata áirgiúlachta éadroime (H145M) | 25,000 | 15,000 | 72,800 | 112,800 | 112,800 |
| Aerárthaí aeraistrithe straitéisigh | 30,750 | 35,156 | — | 65,906 | 65,000 |
| Armúr coirp seirbhíse ginearálta (IMBAS) | 4,920 | 6,514 | 16,856 | 28,290 | 20,910[b] |
| Eagar sonóra tarraingthe modúlach | — | 11,957 | 36,470 | 48,427 | — |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2024 | Caiteachas in 2025 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail, 2025 | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail, 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Córais in aghaidh aerárthaí gan foireann | — | 21,759 | 21,758 | 43,517 | — |
| | **307,011** | **116,244** | **183,469** | **606,724** | **508,444** |

Nóta [a] Tháinig laghdú ar an gcaiteachas ionchais iomlán ar an tionscadal seo de bharr éifeachtúlachtaí a baineadh amach trí bhainistiú mionsonraithe a dhéanamh ar an gconradh.

[b] Tháinig athrú ar luach an tionscadail in 2025 mar gheall, go príomha, gur cinneadh an rogha sa chonradh maidir le cainníocht ordaithe a mhéadú a chur i bhfeidhm.

## 2.16 Léasanna oibriúcháin

| **a) Léasanna oibriúcháin (léasóir)** | **2025** |
|---|---|
| | **€000** |
| Ioncam léasa oibriúcháin don bhliain | 250 |

| amhail an 31 Nollaig | **2025** |
|---|---|
| | **€000** |
| Seo a leanas na híosíocaíochtaí léasa comhiomlána atá le fáil faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amach anseo | |
| Laistigh d’aon bhliain amháin | 57 |
| Idir 1 agus 5 bliana | 98 |
| Níos déanaí ná 5 bliana | 60 |
| **Iomlán na n-infháltas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe** | **215** |

| **b) Léasanna oibriúcháin (léasaí)** | **2025** |
|---|---|
| | **€000** |
| Costas léasa oibriúcháin don bhliain | 138 |

| amhail an 31 Nollaig | **2025** |
|---|---|
| | **€000** |
| Seo a leanas na híosíocaíochtaí léasa comhiomlána atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amach anseo | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 102 |
| Idir 1 agus 5 bliana | 192 |
| Níos déanaí ná 5 bliana | 117 |
| **Iomlán na gceangaltas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe** | **411** |

## 2.17 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar na dliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 685 | 1,608 |
| | **685** | **1,608** |

## 2.18 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí atá ar siúl a bhféadfadh dliteanais a bheith ann mar thoradh orthu ag brath ar thoradh an cháis dlí. Níl aon chinnteacht ann maidir le cá mhéad a bheadh ar dhliteanais fhéideartha den sórt sin ná cén uair a thiocfaidís chun cinn.

Is i réimse na díobhála pearsanta fostaithe is mó a thagann imeachtaí dlíthiúla den sórt sin chun cinn.

## 2.19 Tionchar athruithe ar bheartais chuntasaíochta

Ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur i bhfeidhm de réir a chéile. Ionas gur féidir aistriú chuig CGAS, deonaíodh maoluithe áirithe mar a dtugtar breac-chuntas orthu sa ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta sa réamheolas ón Oifigeach Cuntasaíochta. Seo a leanas an tionchar a bhí ag cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin ar chuntas an chistithe Stáit i mbliain an chuntais.

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Athruithe ar rátaí malairte eachtraí [a] | (412) | — |
| Aitheantas a thabhairt do mhaoin, gléasra agus trealamh den chéad uair [b] | 14,647 | — |
| Forálacha[c] | — | (3,000) |
| Lagú[d] | (2,768) | — |
| Fabhrú saoire [e] | — | (21,377) |
| Fabhrú párolla [e] | — | (243) |
| | **11,467** | **(24,620)** |

Nóta
- [a] CGAS 4 Éifeachtaí ag Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí
- [b] CGAS 17 Maoin, Gléasra agus Trealamh
- [c] CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Teagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha
- [d] CGAS 21 Lagú Sócmhainní Neamh-ghiniúna Airgid
- [e] CGAS 39A Sochair d'Fhostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís an chaiteachais riaracháin

Áirítear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos i gClár A chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 31,750 | 31,735 | 27,952 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,100 | 1,240 | 1,032 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 400 | 476 | 399 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilchineálach | 600 | 351 | 346 |
| v | Infheistíocht caipitil digití agus costais TF | 6,500 | 7,461 | 6,500 |
| vi | Costais áitribh | 2,100 | 1,744 | 1,485 |
| vii | Athbhreithniú beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | 1,600 | 923 | 511 |
| | | **44,050** | **43,930** | **38,225** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin

**iv Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilchineálach**

*Soláthar sna meastacháin: €600,000; olltoradh €351,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €249,000, go príomha, ná gur caitheadh níos lú ná mar a bhí coinne leis ar phost agus soláthairtí stáiseanóireachta ós rud é go mbraitheann siad sin ar éileamh agus go n-athraíonn siad ó bhliain go bliain.

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar measta: €1.6 milliún; olltoradh €923,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €677,000 ná gur theastaigh níos lú ná mar a bhí coinne leis.

## Clár A: Beartas agus tacaíocht chosanta, cumais mhíleata agus aschuir oibríochtúla

| | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 31,750 | 31,735 | 27,952 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 12,300 | 12,195 | 10,273 |
| A.3 | Buan-Óglaigh: pá | | | | |
| | *Figiúr bunaidh* | 469,000 | | | |
| | *Figiúr forlíontach* | (5,100) | | | |
| | | | 463,900 | 457,744 | 440,369 |
| A.4 | Buanfhórsa Cosanta: liúntais | | 46,800 | 47,714 | 45,188 |
| A.5 | Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | | 3,500 | 3,542 | 3,213 |
| A.6 | Séiplínigh agus cléir feidhmithe: pá agus liúntais | | 1,350 | 1,132 | 1,169 |
| A.7 | Tacaíocht shibhialta d'Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc. | | 30,500 | 28,414 | 25,158 |
| A.8 | Óglaigh na hÉireann: forbairt cumais | | | | |
| | *Figiúr bunaidh* | 140,940 | | | |
| | *Figiúr forlíontach* | 19,000 | | | |
| | | | 159,940 | 157,570 | 115,958 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus tacaíocht | | 40,050 | 46,994 | 40,670 |
| A.10 | Iompar míleata | | 21,190 | 18,309 | 19,767 |
| A.11 | Seirbhís Cabhlaigh: trealamh agus tacaíocht | | 18,500 | 21,451 | 22,063 |
| A.12 | Costais bheairice agus trealamh innealtóireachta | | 21,320 | 22,400 | 20,894 |
| A.13 | Bonneagar tógtha ag Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil | | 62,500 | 67,666 | 57,157 |
| A.14 | Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann | | 22,500 | 21,269 | 19,569 |
| A.15 | Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann | | 22,000 | 24,480 | 22,967 |
| A.16 | Oideachas agus oiliúint mhíleata | | 6,450 | 5,249 | 5,641 |
| A.17 | Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann | | 6,200 | 7,259 | 6,659 |
| A.18 | Tacaí míochaine agus cúram sláinte Óglaigh na hÉireann | | 12,850 | 13,107 | 11,244 |
| A.19 | Tailte | | 3,600 | 1,305 | 1,019 |
| A.20 | Eachaíocht | | 1,200 | 1,266 | 1,417 |
| A.21 | Costais dlíthíochta agus cúitimh | | | | |
| | *Figiúr bunaidh* | 8,000 | | | |
| | *Figiúr forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | 11,000 | 9,145 | 6,952 |

| | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin) | | 8,159 | 8,443 | 8,136 |
| A.23 | Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE | | 15,100 | 13,846 | 8,135 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin) | | 6,500 | 6,347 | 5,923 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann | | 1,060 | 1,060 | 975 |
| A.26 | Cur chun Feidhme mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách | | | | |
| | *Figiúr bunaidh* | 6,000 | | | |
| | *Figiúr forlíontach* | 2,100 | | | |
| | | | 8,100 | 8,407 | 3,439 |
| A.27 | Comhlacht Maoirseachta Seachtrach | | 1,050 | 620 | — |
| | | | **1,039,369** | **1,038,669** | **931,907** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad). Ba é €1,020.369 milliún an meastachán bunaidh. Fuarthas meastachán forlíontach de €19 milliún.

**A.6 Séiplínigh agus cléir feidhmithe: pá agus liúntais**

*Soláthar sna meastacháin: €1.35 milliún; olltoradh €1.132 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €218,000 gur lú earcaíocht séiplínigh in 2025 ná mar a bhí súil leis.

**A.7 Tacaíocht shibhialta d'Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc.**

*Soláthar sna meastacháin: €30.5 milliún; olltoradh €28.414 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €2.086 milliún, go príomha, earcaíocht fostaithe sibhialta níos lú ná mar a bhí coinne leis, agus líon níos mó daoine ag dul ar scor agus ag éirí as ná mar a bhí coinne leis.

**A.8 Óglaigh na hÉireann: forbairt cumais**

*Soláthar sna meastacháin: €140.94 milliún; olltoradh €157.57 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €16.63 milliún, go príomha, cumais chórais in aghaidh aerárthaí gan foireann a fháil. Soláthraíodh meastachán forlíontach de €19 milliún chun an difríocht seo a chur san áireamh.

**A.9 Aerchór: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar sna meastacháin: €40.05 milliún; olltoradh €46.994 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €6.944 milliún costais cothabhála aerárthaí, oiliúint speisialtóra agus seirbhísí foinsithe allamuigh a bheith níos airde ná mar a bhí súil leis.

**A.10 Iompar míleata**

*Soláthar sna meastacháin: €21.19 milliún; olltoradh €18.309 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €2.881 milliún ná laghdú ar an ngá le cothabháil armúrtha, agus moilleanna ar agaí seachadta feithiclí agus coimeádán a raibh súil leo ach nár seachadadh.

**A.11 Seirbhís Cabhlaigh: trealamh agus tacaíocht**

*Soláthar sna meastacháin: €18.5 milliún; olltoradh €21.451 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €2.951 milliún, go príomha, ná méadú ar sheirbhísí tacaíochta agus cothabháil sheachfhoinsithe.

**A.12 Costais bheairice agus trealamh innealtóireachta**

*Soláthar sna meastacháin: €21.32 milliún; olltoradh €22.4 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €1.08 milliún, go príomha, ná méadú ar chostais seirbhísí beairice agus conarthaí glantacháin.

**A.13 Bonneagar tógtha ag Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil**

*Soláthar sna meastacháin: €62.5 milliún; olltoradh €67.666 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €5.166 milliún, go príomha, ná soláthar luathaithe tionscadail bhonneagair, boilsciú san earnáil tógála, costais a bhain leis an stoirm i Ráithe 1 2025, agus costais cothabhála níos airde a bhain le breiseanna leis an eastát.

**A.14 Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin: €22.5 milliún; olltoradh €21.269 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €1.231 milliún ná nach ndeachthas ar aghaidh leis an tairiscint le haghaidh éadaí comhraic d'Óglaigh na hÉireann.

**A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin: €22 milliún; olltoradh €24.48 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €2.48 milliún ná an gá le breis trealaimh agus soláthairtí riachtanach teileachumarsáide a fháil.

**A.16 Oideachas agus oiliúint mhíleata**

*Soláthar sna meastacháin: €6.45 milliún; olltoradh €5.249 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €1.201 milliún ná moilleanna ar an soláthar oiliúna agus ar threalamh giomnáisiam a fháil.

**A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin: €6.2 milliún; olltoradh €7.259 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €1.059 milliún ná ardú ar chostais taistil agus trealamh a tharraingt siar ó mhisean thar lear.

**A.19 Tailte**

*Soláthar sna meastacháin: €3.6 milliún; olltoradh €1.305 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €2.295 milliún ná nár tugadh éadálacha talún chun críche.

**A.21 Costais dlíthíochta agus cúitimh**

*Soláthar sna meastacháin: €8 milliún; olltoradh €9.145 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €1.145 milliún roinnt athróga dothuartha, lena n-áirítear tráthúlacht éisteachtaí cúirte, dul chun cinn cásanna, agus líon, luach agus tráthúlacht dámhachtainí agus socraíochtaí.

**A.23 Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE**

*Soláthar sna meastacháin: €15.1 milliún; olltoradh €13.846 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €1.254 milliún nach ndeachthas ar aghaidh le caiteachas pleanáilte chun tacú le tionscadal de chuid na Gníomhaireachta Eorpach um Chosaint in 2025.

**A.26 Cur chun Feidhme mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách**

*Soláthar sna meastacháin: €6 milliún; olltoradh €8.407 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €2.407 milliún ná costais acmhainní a bhain leis an síneadh ama a raibh gá leis chun orduithe follasaithe a d'eisigh Binse Fiosrúcháin Óglaigh na hÉireann a chomhlíonadh.

**A.27 An Comhlacht Maoirseachta Seachtrach**

*Soláthar measta: €1.05 milliún; olltoradh €620,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €430,000 ná caiteachas ar thuarastail agus táillí a bhí níos lú ná mar a bhí súil leis.

## Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Liúntais thar lear na Náisiún Aontaithe | 7,300 | 5,907 | 11,981 |
| 2 | Fáltais ón AE i leith costais cosanta iascaigh | 1 | — | — |
| 3 | Fáltais ó bhainc agus ó eagraíochtaí eile | 1,600 | 1,413 | 1,622 |
| 4 | Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla | 120 | 204 | 153 |
| 5 | Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht | 525 | 1,178 | 813 |
| 6 | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíocaíocht | 15 | 19 | 16 |
| 7 | Fáltais le haghaidh breosla eitlíochta | 40 | 13 | 44 |
| 8 | Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 112 | 183 |
| 9 | Tailte agus áitribh | | | |
| | (a) cíosanna, etc. | 462 | 577 | 515 |
| | (b) díolacháin | 25 | — | 340 |
| 10 | Díol stórtha iomarcacha | 157 | 109 | 191 |
| 11 | Aisíocaíochtaí i leith seirbhísí pearsanra ar iasacht | 120 | 165 | 88 |
| 12 | Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise | 13,950 | 16,246 | 15,564 |
| 13 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | 650 | 947 | 446 |
| 14 | Ilghnéitheach | 300 | 1,313 | 745 |
| | | **25,315** | **28,203** | **32,701** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha sna leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

**1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe i leith liúntais thar lear, etc.**

*Soláthar sna meastacháin: €7.3 milliún; réadaithe: €5.907 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh de €1.393 milliún fáltais ó na Náisiúin Aontaithe i leith costais trúpaí agus trealaimh a bheith níos ísle ná mar a bhí súil leis. Tá sé deacair tráthúlacht na bhfáltas ó na Náisiúin Aontaithe a thuar. Féach nóta 6.1.

**3 Fáltais ó bhainc agus ó eagraíochtaí eile**

*Soláthar sna meastacháin: €1.6 milliún; réadaithe: €1.413 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh de €187,000 ná laghdú ar an ngá le pearsanra Óglaigh na hÉireann bheith ar dualgas slándála breise in 2025.

**5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht**

*Soláthar sna meastacháin: €525,000; réadaithe: €1.178 milliún*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas de €653,000 aisíocaíocht ar chiondálacha a bheith níos airde ná mar a bhí súil leis.

**12 Ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise**

*Soláthar sna meastacháin: €13.95 milliún; réadaithe: €16.246 milliún*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas de €2.296 milliún an deacracht atá ann fáltais ó ranníocaíochtaí breise pinsin a mheas, go háirithe in Óglaigh na hÉireann i bhfianaise an raoin saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na ríomhanna, lena n-áirítear liostáil agus daoine dul ar scor.

**13 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Soláthar sna meastacháin: €650,000; réadaithe €947,000*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas de €297,000 ná maoiniú, a formheasadh i mblianta roimhe, a úsáid chun tionscadail iarshaighdiúirí a thabhairt chun cinn in 2025.

**14 Ilghnéitheach**

*Soláthar sna meastacháin: €300,000; réadaithe: €1.313 milliún*

Ba é ba chúis leis an mbarrachas de €1.013 milliún ná go raibh aisíocaíochtaí le haghaidh seirbhísí a cuireadh ar fáil i nDún Mhic Coluim, an Muileann gCearr agus i gCampa Chill Bhríde, Co. Chill Mhantáin, níos airde ná mar a bhí súil leis.

## 4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí i gcabhair agus méideanna airgid sa bhliain. Is ionann Ioncam an Vóta agus ioncam a bhain le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

| | 2025 |
|---|---|
| | €000 |
| **Ioncam idirbhirt neamh-mhalartaithe** | |
| Deontas ón gCiste Láir | 1,010,466 |
| Liúntais thar lear na Náisiún Aontaithe | 8,207 |
| Áitiú ceathrúna oifigiúla | 204 |
| Ciondálacha agus eisiúintí eile ar aisíocaíocht | 1,197 |
| Urscaoileadh trí cheannach | 112 |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise | 16,246 |
| Deontas ó chiste na gcuntas díomhaoin | 947 |
| Ioncam neamh-mhalartaithe eile | 1,407 |
| | **1,038,786** |
| **Ioncam idirbhirt malairte** | |
| Cíos talún agus áitreabh | 566 |
| Ioncam ó dhíol stórtha iomarcacha | 109 |
| Ioncam ó idirbhearta malairte eile | 13 |
| | **688** |
| **Ioncam eile** | |
| Bainc agus eagraíochtaí eile | 1,413 |
| Pearsanra ar iasacht | 165 |
| Aisghabháil ró-íocaíochtaí | 215 |
| Cealú soláthair | 447 |
| | **2,240** |
| **Ioncam iomlán** | **1,041,714** |
| **Arna léiriú ag** | |
| Iomlán na leithreasaí i gcabhair (nóta 4.1) | 28,203 |
| Deontas ón gCiste Láir | 1,010,466 |
| Sócmhainní deonaithe | 395 |
| Cealú soláthair | 447 |
| Méadú ar ioncam fabhraithe (nóta 2.7) | 2,214 |
| Méadú ar ioncam iarchurtha (nóta 2.11) | (11) |
| | **1,041,714** |

## 4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Faighte [a] | — | 10,966 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | (10,966) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

Nóta [a] In 2024, fuair an Roinn €10,965,902 ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara i ndáil le tionscadail a fuair tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) idir 2014 agus 2020.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| Amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **8,661** | **8,430** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile**

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 463,804 | 445,037 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 202 | 197 |
| Ragobair | 585 | 634 |
| Liúntas sealaíochta agus uainchláir | 308 | 306 |
| Liúntais mhíleata agus eile | 33,434 | 33,539 |
| ÁSPC an Fhostóra | 47,693 | 45,150 |
| | **546,026** | **524,863** |

Nóta [a] Ní áirítear sna huimhreacha foriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, ina bhfuil ceathrar ball foirne le pá iomlán de €351,000, ná an Comhlacht Maoirseachta Seachtrach, ina bhfuil seachtar ball foirne agus pá iomlán de €510,778. Ullmhaíonn na hoifigí sin cuntais ar leithligh.

[b] Is ionann an pá iomlán agus gnéithe pá na bhfo-cheannteidil A.1, A.3, A.4, A.6 & A.7.

## 5.3 Státseirbhísigh

| Coibhéisí lánaimseartha | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana [a] | 475 | 434 |

Nóta [a] Tá aon duine dhéag den phearsanra seo neadaithe in aonaid de chuid Óglaigh na hÉireann agus tá siad fostaithe go lánaimseartha chun tacaíocht a sholáthar do na haonaid sin.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 28,959 | 25,656 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 135 | 125 |
| Liúntais eile | 63 | 49 |
| Ragobair | 171 | 127 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,407 | 1,995 |
| | **31,735** | **27,952** |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2025 | 2024 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 13 | 5 | 39,666 | 32,540 |
| Liúntais eile | 13 | 1 | 10,581 | 10,183 |
| Ragobair | 67 | 3 | 23,316 | 15,078 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 2 | 16,789 | 16,106 |

## 5.4 An Buanfhórsa Cosanta (Iena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 7,771 | 7,573 |

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá agus liúntas seirbhíse míleata | 415,583 | 400,370 |
| Liúntais thar lear | 15,082 | 15,750 |
| Liúntais dualgais slándála | 9,278 | 9,499 |
| Liúntas dualgais teorann | 1,717 | 1,731 |
| Liúntas dualgais patróil | 3,292 | 2,511 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 3,431 | 3,375 |
| ÁSPC an Fhostóra | 43,285 | 41,158 |
| **Pá iomlán** | **491,668** | **474,394** |

### Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair ab airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2025** | **2024** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais thar lear | 1,295 | 707 | 45,164 | 42,590 |
| Liúntais dualgais slándála | 6,110 | 25 | 68,560[a] | 32,254 |
| Liúntas dualgais teorann | 311 | 1 | 12,578[b] | 6,822 |
| Liúntas dualgais patróil | 430 | 139 | 25,798 | 22,794 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 865 | 104 | 19,684 | 19,028 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2,111 | 855 | 45,801 | 42,703 |

Nóta [a] Áiríodh riaráistí i leith 2020 go 2024 san íocaíocht in 2025

[b] Áiríodh riaráistí i leith 2023 agus 2024 san íocaíocht in 2025.

## 5.5 Fostaithe sibhialta

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 415 | 423 |

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 19,262 | 19,011 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 67 | 72 |
| Ragobair | 414 | 507 |
| Liúntais sealaíochta agus uainchláir | 308 | 306 |
| Liúntas ama taistil | 371 | 396 |
| Liúntais uirlisí agus eile | 200 | 228 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,001 | 1,997 |
| | **22,623** | **22,517** |

**Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair ab airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2025** | **2024** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 50 | — | 9,915 | 9,318 |
| Ragobair | 124 | 10 | 19,204 | 16,083 |
| Liúntais sealaíochta agus uainchláir | 38 | 9 | 16,972 | 16,664 |
| Liúntas ama taistil | 41 | 19 | 15,557 | 15,064 |
| Liúntais uirlisí agus eile | 223 | — | 1,867 | 3,049 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 141 | 40 | 31,759 | 30,945 |

## 5.6 Bandaí pá d'fhostaithe na Roinne

Seo a leanas líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **agus** | **2025** | **2024** |
| 20,000 | 59,999 | 6,011 | 6,305 |
| 60,000 | 69,999 | 1,085 | 932 |
| 70,000 | 79,999 | 438 | 355 |
| 80,000 | 89,999 | 310 | 278 |
| 90,000 | 99,999 | 185 | 172 |
| 100,000 | 109,999 | 161 | 104 |
| 110,000 | 119,999 | 78 | 74 |
| 120,000 | 129,999 | 42 | 24 |
| 130,000 | 139,999 | 27 | 24 |
| 140,000 | 149,999 | 14 | 12 |
| 150,000 | 159,999 | 14 | 8 |
| 160,000 | 169,999 | 10 | 6 |
| 170,000 | 179,999 | 5 | 2 |
| 180,000 | 189,999 | 3 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | 2 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | 1 | 1 |
| 240,000 | 249,999 | 2 | 1 |

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunphá | **245** | **237** |

Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina ball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (tar éis 2013) agus ní théann a cuid teidlíochtaí chun sochair scoir níos faide ná téarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## 5.8 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €1,967,792 san iomlán le 51 ball foirne ar scor de chuid Óglaigh na hÉireann a bhí ag fáil pinsin ó Óglaigh na hÉireann, idir €12,926 agus €84,986, a athfhostaíodh ar dhualgais éagsúla le linn 2025. Ina theannta sin, íocadh €84,580 san iomlán, idir €130 agus €9,500, le 33 fostaí de chuid na seirbhíse poiblí atá ar scor agus a fhaigheann pinsin seirbhíse poiblí, a athfhostaíodh ar dhualgais éagsúla le linn 2025. Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.9 Foireann ar iasacht

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €238,344 i leith triúr oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2025 ar fad nó ar feadh cuid di, agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastail.

Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith oifigeach amháin a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2025 nó ar feadh cuid di in oifig Rialtais eile a raibh a thuarastal á íoc ag an oifig ina raibh sé ar seirbhís.

## 5.10 Ró-íocaíochtaí pá

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2025 €** | **2024 €** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 159 | 238,833 | 248,167 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 43 | 73,894 | 95,190 |

## 5.11 Cóir leighis

Rinne an Roinn íocaíochtaí leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh sochar comhchineáil i ndáil le muirir reachtúla in ospidéil phoiblí do chleithiúnaigh bhaill liostáilte d'Óglaigh na hÉireann, sa tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025, chun an eisiúint seo a dhúnadh. Ba é €22,559 an méid iomlán a íocadh (ús €5,194 san áireamh). Tá próiseas aisíocaíochta lán-dheimhnithe i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2025, a chinntíonn go gcomhlíontar go hiomlán na hoibleagáidí comhlíonta cánach go léir is infheidhme.

## 5.12 Scaoilíocaíochtaí

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí ná aon íocaíochtaí iomarcaíochta in 2025.

## 5.13 Íocaíochtaí ex gratia

Rinneadh íocaíocht de €5,412 le duine amháin i ndáil le comhaontú socraíochta in 2025.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Misin thar lear

Áirítear sa chuntas seo na suimeanna a léirítear thíos i leith luach saothair pearsanra míleata ar seirbhís le hoibríochtaí tacaíochta síochána na Náisiún Aontaithe agus an AE agus eagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, cothaithe agus iompair.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Misin na Náisiún Aontaithe agus an AE** | | |
| UNIFIL (An Liobáin) | 35,882 | 34,061 |
| UNDOF (Arda Golan) | 455 | 4,739 |
| KFOR (An Chosaiv) | 1,697 | 1,483 |
| EUFOR (An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 703 | 630 |
| Misin eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus an AE | 4,362 | 2,550 |
| | 43,099 | 43,463 |
| **Eile** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 2,605 | 2,652 |
| Grúpa Catha an AE | 3,763 | 2,050 |
| Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 331 | 227 |
| Oibríochtaí Mheánmhara | 646 | 502 |
| **Iomlán** | **50,444** | **48,894** |

As an tsuim €43.1 milliún do mhisin na Náisiún Aontaithe agus an AE, baineann €6.8 milliún le misin a n-iompraíonn an Stát a gcostais iomlána. Baineann an €36.3 milliún atá fágtha le UNIFIL agus UNDOF agus tá aontú ann leis na Náisiúin Aontaithe maidir le socruithe aisíocaíochta do chostais áirithe. Braitheann tráthúlacht na n-aisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla, lena n-áirítear an maoiniú atá ar fáil don eagraíocht sin.

B'ionann an t-airgead a fuarthas trí leithreasaí i gcabhair in 2025 agus €5.9 milliún, ar bhain €4.9 milliún de le costais phearsanra agus €1 milliún de le costais trealaimh. B'ionann an méid gan íoc ag deireadh na bliana agus €4.6 milliún (€1.1 milliún do chostais phearsanra agus €3.5 milliún do chostais trealaimh).

## 6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra seasta | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2025 | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Grúpa Neamhspleách um Athbhreithniú ar Shaincheisteanna Dínite agus Comhionannais in Óglaigh na hÉireann [a] | 2022 | 1,441 | — | 195 |
| Binse Ó na hÉ[b] | 2024 | 11,588 | 8,262 | 3,326 |
| | | | **8,262** | **3,521** |

Nóta [a] Bunaíodh an Grúpa Neamhspleách um Athbhreithniú ar Shaincheisteanna Dínite agus Comhionannais in Óglaigh na hÉireann (IRG) i mí Eanáir 2022 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Tánaiste an 2 Feabhra 2023. Foirceannadh an Grúpa go foirmiúil an 14 Iúil 2024.

[b] Bunaíodh Binse Óglaigh na hÉireann an 20 Meitheamh 2024 chun raon saincheisteanna a bhaineann le héifeachtacht na bpróiseas gearán laistigh d'Óglaigh na hÉireann a imscrúdú. Thug an Binse a ráiteas oscailte ag éisteacht phoiblí an 24 Meitheamh 2024 agus meastar go gcuirfear a chuid oibre i gcrích laistigh de thrí bliana.

## 6.3 Tacaíocht do chumainn ionadaíochta Óglaigh na hÉireann

Áirítear sa chuntas seo suim iomlán de €669,064 i leith luach saothair pearsanra míleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíocha agus costais riaracháin ghaolmhara áirithe.

## 6.4 Díscríobh

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Damáiste d'fheithiclí míleata | 18 | 29 |
| Caillteanas nó damáiste do stórtha nó do threalamh | 4 | 28 |
| Díscríobh fiachas | 10 | — |
| | **32** | **57** |

## 6.5 Cúiteamh agus costais dlí

### Íocaíochtaí/costais arna n-íoc ag an Roinn/Oifig sa bhliain

| | Éilimh ag | | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | | | Baill den phobal | | | |
| | Díobháil Phearsanta | Sárú ar bheartais AD/ fostaíochta | Eile | Díobháil Phearsanta | Eile | 2025 | 2024 |
| Líon na gcásanna | 195 | 56 | 27 | 11 | 26 | 315 | 605 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 1,174 | — | 235 | 37 | 7 | 1,453 | 1,502 |
| Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne | | | | | | | |
| Cúiteamh | 3,475 | 190 | 12 | 49 | 58 | 3,784 | 2,595 |
| Costais Dlí | 2,868 | 1,046 | — | 74 | 36 | 4,024 | 2,761 |
| **Iomlán 2025** [a] | **7,517** | **1,236** | **247** | **160** | **101** | **9,261** | **6,858** |
| Iomlán 2024 | 5,702 | 24 | 920 | 119 | 93 | 6,858 | |

Nóta [a] Amhail ón 31 Nollaig 2025, bhí 311 cás dlíthíochta ginearálta gan réiteach.

### Costais charnacha na gcásanna a tugadh i gcrích in 2025

| | Éilimh ag | | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | | | Baill den phobal | | |
| | Díobháil Phearsanta | Sárú ar bheartais AD/ fostaíochta | Eile | Díobháil Phearsanta | Eile | |
| Líon na gcásanna | 83 | — | — | 7 | 23 | 113 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 961 | — | — | 249 | — | 1,210 |
| Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne | | | | | | |
| Cúiteamh | 1,644 | — | — | — | 59 | 1,703 |
| Costais Dlí | 2,659 | — | — | — | — | 2,659 |
| Costais Eile | 163 | — | — | — | 2 | 165 |
| **Iomlán** | **5,427** | — | — | **249** | **61** | **5,737** |

## 6.6 Eadráin agus comhréiteach

Sa bhliain 2025, tabhaíodh costais €12,676 (€14,385 in 2024) i ndáil le dhá chás eadrána agus comhréitigh (2024: ceithre chás).

## Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

### 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| Maoin | Achar (heicteáir)[a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 51.24 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 0.89 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 24.22 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| Sean-Bheairic agus Reilig, Mainistir Fhear Maí | 3.98 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 0.40 |
| Áitreabh RDF, Cill Chrócháin | 0.40 |
| Láthair Chuimhneacháin Mhichíl Uí Choileáin, Béal na Bláth | 0.004 |
| Áitreabh RDF, an Sciobairín | 0.20 |
| Áitreabh RDF, Mala | 0.03 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill lena n-áirítear ionad cóireála camrais ar an talamh in aice láimhe | 276.93 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.20 |
| Suíomh ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 0.26 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 215.35 |
| Soláthar uisce Springfield go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 29.95 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 6.07 |
| Fort Shannon, Tairbeart | 0.81 |
| Áitreabh RDF, Cill Orglan | 0.10 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 1,968.12 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Uimh. 2, 78 agus 96 Orchard Park, an Curragh | 0.06 |
| Magee Barracks, Cill Dara | 1.99 |
| Tailte ar an Ráth Dubh, an Curragh | 14.37 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 5.67 |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Scioból Dheirg, Dún Dealgan | 5.46 |

| Maoin | Achar (heicteáir)[a] |
| --- | --- |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 105.62 |
| Áitreabh RDF, an Uaimh | 0.20 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Reilig Mhíleata, Sean-Bheairic Chríonchoille, Biorra | 0.20 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Carna | 114.53 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 5.46 |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.28 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 9.61 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 5.26 |
| Tailte Gharraí na bhFéile, Baile Átha Luain | 5.97 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Uí Mháil | 2,698.85 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 97.53 |
| Post Mhaor an Raoin, an Seisceann | 0.40 |

Nóta [a] Is garmheastacháin iad na heicteáir a luaitear. Tá foirgnimh ar fhormhór na réadmhaoine.

**2. Dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin**

| Maoin | Achar (heicteáir)[a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh RDF, Inis | 0.10 |
| | |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 1,377.55 |
| Cuid ag Campa Chill Uird le haghaidh soláthar seirbhísí bóthair do TII | 10.69 |
| An tOileán Mór | 91.05 |
| Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach | 33.99 |
| Dún an Dáibhisigh, an Geata Bán | 22.04 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tabhairne | 14.97 |
| Cé Furious, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| Cé Lamairne, an Cóbh | — |
| | |
| **Dhún na nGall** | |
| Campa Fhionnúrach, Bun Dobhráin | 337.01 |
| | |
| **Dublin** | |
| Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 18.62 |
| Uimh. 17-28, Arasán Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 | 0.27 |
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7 | 18.21 |
| 64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7 | 0.02 |
| Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath 7 | 3.24 |
| An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7 | 0.01 |
| | |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 5.99 |
| | |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 7.28 |
| | |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 56.25 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.20 |
| | |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Míleata, an tAonach | 1.20 |
| Cuid de Dhún Mhic Cana, Teampall Mór | 0.16 |
| | |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 0.40 |

| Maoin | Achar (heicteáir)[a] |
|---|---|
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Raidhfilí agus Campa Chill Bhríde | 636.98 |

Nóta [a] Is garmheastacháin iad na heicteáir. Tá foirgnimh ar fhormhór na réadmhaoine.